


Matamaitic Fheidhmeach na hArdteistiméireachta

Snáithe 1: Samhaltú Matamaiticiúil



Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- Taighde a dhéanamh faoi chúla faidhbe chun cúinsí nó athróga a théann i bhfeidhm ar an gcás a anailísíú
- Faisnéis a bhaineann leis an bhfadhb a chinneadh
- Fadhbanna a bhriseadh síos ina gcodanna soláimhsithe
- Cé na foshuíomhanna a theastaíonn chun cás na faidhbe a shimpliú a chinneadh



- Samhail a bheachtú agus í a úsáid chun réiteach níos fearr ar an bhfadhb a thuar; an próiseas a dhéanamh arís
- Próisis réitigh a chur in iúl i dtuairisc scríofa

- Teibiú a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar chórais agus chun míniú a thabhairt ar an ngaol idir iomláin agus codanna
- An t-eolas a theastaíonn chun samhail mhatamaiticiúil a thógáil a theibiú
- An fhaisnéis a thugtar san fhadhb agus na foshuíomhanna a aistriú go samhail mhatamaiticiúil is féidir a réiteach.

- Réiteach a ríomh leis an matamaitic chuí
- Samhail mhatamaiticiúil a chruthú is féidir le ríomhaire a léirmhíniú
- Teicneolaíocht ríomhaireachta a úsáid chun fadhbanna a réiteach
- An fhadhb mhatamaiticiúil a luaitear sa tsamhail a réiteach
- Oibríochtaí sa tsamhail a anailísíú agus a fheidhmiú
- An réiteach matamaiticiúil a léirmhíniú sa chomhthéacs bunaidh

“Sa snáithe aontaitheach seo, foghlaimoidh an scoláire faoin samhaltú matamaiticiúil mar phróiseas ina n-úsáidtear an mhatamaitic chun feiniméin ón bhfíorshaol a léiriú, a anailísíú, tuartha a dhéanamh fúthu nó léargas a thabhairt orthu ar bhealach eile.” Sonraíocht na Matamaitice Feidhmí Ich 16

1

Coincheapa agus ansin Samhaltú

Roinnt coincheapa matamaiticiúla a fhiosrú trí thaisc oiriúnacha, fadhbanna fíorshaoil etc., agus ansin fadhb mhéith samhaltaithe a réiteach. Agus na taisc seo á bhfiosrú, is féidir freisin go ndéanfaí inniúlachtaí samhaltaithe a fhorbairt.

Timthriall iomlán samhaltaithe a chur i gcrích.

Díriú ar fhothacar d'inniúlachtaí.

2

Coincheapa tríd an Samhaltú

Fadhb mhéith samhaltaithe a fhiosrú agus, de réir mar is gá, tuiscint a fhorbairt ar choincheapa úra matamaitice trí theagasc, fionnachtain faoi threoir, taighde, etc.

Timthriall iomlán samhaltaithe a chur i gcrích.

Díriú ar fhothacar d'inniúlachtaí.